

Tuarascáil speisialta

An tAistriú Glas

Doiléire faoin rannhuidiú ón tSaoráid
Téarnaimh agus Athléimneachta



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA HEORPA

Clár

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-VI
Réamhrá	01-09
An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus a príomhghnéithe	01-03
An t-aistriú glas faoi RRF	04-05
Rianú aeráide faoi RRF	06-09
Scóip agus cur chuige na hiniúcháireachta	10-14
Barúlacha	15-69
D'fhéadfaí rómheastachán a bheith déanta ar an rannchuidiú ó RRF agus na bpleananna náisiúnta leis an aistriú glas	15-35
Dúshlán i gcreat RRF ó thaobh meastachán a dhéanamh ar an rannchuidiú aeráide agus an taistriú glas a chlúdach	16-24
Ranníocaíocht mhíshoiléir bhearta RRF atá beartaithe le gníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú glas	25-35
Léiriú lag ar an gcaoi a rannchuidíonn chur chun feidhme bheart RRF leis an aistriú glas	36-47
Neamhréireachtaí i gcur chun feidhme an prionsabail 'gan aon dochar suntasach a dhéanamh'	36-43
Níl gach beart atá ábhartha don chomhshaol a ghlaise is a beartaíodh	44-47
Níl tuairisciú RRF maidir le caiteachas aeráide agus an t-aistriú glas ceangailte leis na costais agus na torthaí iarbhír	48-69
Póirsí dorcha maidir le feidhmíocht bheart RRF um an aistriú glas	48-53
Níl aon tuairisciú ar an gcaiteachas iarbhír le haghaidh gníomhú ar son na haeráide	54-59
Níl aon nasc idir caiteachas agus tuairisciú maidir leis an aistriú glas	60-69
Conclúidí agus moltaí	70-77
Iarscríbhinn – Ár rogha bearta	

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Tráthchlár

An fhoireann iniúchóireachta

Achoimre feidhmiúcháin

I Is ionstraim shealadach í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) a seoladh i mBealtaine 2020 chun cuidiú leis na Ballstáit téarnamh ó phaindéim COVID-19, a bhfuil €648 mbilliún ar fáil ann, amhail i bhFeabhra 2024. Tá an t-aistriú glas i gcroílár na Saoráide. Bhí ar na Ballstáit ar a laghad 37 % dá leithdháiltí náisiúnta a chur ar leataobh do ghníomhú ar son na haeráide. Mheas an Coimisiún go raibh an sprioc sin bainte amach cheana féin ag an gcéim phleanála agus gur sroicheadh 42.5 %.

II Ba é cuspóir ár n-iniúchadh measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil dearadh agus cur chun feidhme RRF agus na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ag rannchuidiú leis an aistriú glas ar bhealach éifeachtach. Rinneamar measúnú ar an rannchuidiú a rinneadh leis an aistriú glas le bearta roghnaithe, a ngarspriocanna agus spriocanna, agus a gcomhéifeachtaí aeráide. Rinneamar athbhreithniú freisin ar dhul chun cinn na mbeart sin agus ar an gcaoi a ndéantar faireachán orthu ó thaobh an aistrithe ghlais de. Ar deireadh, bhreathnaíomar ar an gcaoi a dtuairiscíonn an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis maidir le caiteachas aeráide agus an t-aistriú glas.

III Rinneamar an t-iniúchadh seo mar gheall go bhfuil an t-aistriú glas agus spriocanna aeráide an Aontais go hard ar an gclár gnó polaitiúil. Táimid ag súil go rannchuideoidh ár gcuid oibre leis an bplé maidir le conas ionstraimí a bhfuil cuspóirí aeráide agus comhshaoil acu a dhearadh. Táimid ag súil freisin go rannchuideoidh ár gcuid oibre le héifeachtacht chistí an Aontais do ghníomhú ar son na haeráide agus don aistriú glas a fheabhsú i gcomhthéacs spriocanna aeráide uailmhianacha an Aontais do 2030 agus 2050.

IV Fuaireamar go bhfuil easnaimh i ndearadh chreat RRF agus sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta sna Ballstáit faoi iniúchóireacht. Bhí neamhréireachtaí ann freisin i gcur chun feidhme na mbeart a bhaineann leis an aistriú glas agus cuspóirí aeráide. Go sonrach, thugamar ar aire go bhfuil leibhéal ard neastacháin ag baint leis an gcaiteachas aeráide agus bhí rómheastacháin ann mar thoradh ar roinnt comhéifeachtaí. Fuaireamar go raibh faisnéis lag ann maidir leis an gcaoi a rannchuidíonn cur chun feidhme bhearta RRF leis an aistriú glas, agus fuaireamar freisin nach ndéantar measúnú ar an rannchuidiú i dtreo cuspóirí agus spriocanna aeráide an Aontais, ós rud é nach bhfuil sé de cheangal leis an reachtaíocht. Ina theannta sin, fuaireamar go bhfuil tuairisciú ar chaiteachas aeráide agus ar an aistriú glas dínasctha ó na costais agus na torthaí iarbhír, rud a chuireann teorainn lena ábharthacht do gheallsealbhóirí.

V Tagaimid ar an gconclúid go dtarraingíonn na laigí a saináithníodh i ndearadh agus i gcur chun feidhme na Saoráide amhras ar bhaint amach a cuspóirí aeráide agus comhshaoil. Mar thoradh air sin, measaimid nach bhfuil rannchuidiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leis an aistriú glas soiléir.

VI Bunaithe ar ár bhfionnachtana, molaimid gur cheart don Choimisiún:


- meastachán níos fearr a dhéanamh ar chaiteachas aeráide faoi ionstraimí amach anseo;
- dearadh leormhaith a áirithiú ar ionstraimí cistiúcháin amach anseo chun tacú leis na cuspóirí agus spriocanna aeráide agus comhshaoil;
- feidhmíocht bhearta an aistrithe ghlais a bharrfheabhsú;
- tuairisciú ar chaiteachas aeráide faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a fheabhsú.

Réamhrá

An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus a príomhghnéithe

01 I mBealtaine 2020, sheol an tAontas [NextGenerationEU](#) (NGEU) mar ionstraim shealadach chun a chuidiú leis na Ballstáit téarnamh ó phaindéim COVID-19. Tá suas go dtí €731 bhilliún i gceist le NGEU (ar phraghsanna 2022), anuas ar bhuiséad fadtéarmach an Aontais do thréimhse 2021-2027. Is í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) atá ina croílár¹ – [Fíor 1](#). Is é an cuspóir atá le RRF ná tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe na mBallstát a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní. Ba cheart go gcuideodh RRF leis na Ballstáit iad féin a ullmhú ar bhealach níos fearr do na dúshláin agus na deiseanna ag éirí as an aistriú glas agus an aistriú digiteach. Thairis sin, i mBealtaine 2022, sheol an tAontas plan dar teideal [REPowerEU](#) mar fhreagairt ar an ngéarchéim dhomhanda fuinnimh, rud a chuir €19 mbilliún i ndeontais le RRF amhail i bhFeabhra 2024.

Fíor 1 – Buiséad NGEU (amhail i bhFeabhra 2024)



Nóta: Tá na méideanna sin ar fad ar leibhéal praghsanna 2022.

Foinse: [An Coimisiún Eorpach](#) agus [Scórchlár RRF](#), amhail i bhFeabhra 2024.

¹ [Rialachán \(AE\) 2021/241](#) lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (Rialachán RRF).

02 Déanann an Coimisiún RRF a **bhainistiú go díreach**. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an Coimisiún freagrach as cur chun feidhme RRF, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí. Tá gach Ballstát incháilithe chun sciar de na cistí RRF atá ar fáil, rud a oibrítear amach bunaithe ar fhoirmle shonrach². Cuireann gach Ballstát Plean Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP) i láthair agus déanann an Coimisiún³ measúnú orthu agus déanann an Chomhairle iad a fhormheas. Áirítear sna RRPanna sraith bearta, a mbíonn athchóirithe agus infheistíochtaí a gceist leo. Bíonn garspriocanna agus spriocanna ag gabháil le gach beart chun rianú cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh ar an méid a bhaintear amach⁴. Ghlac an Coimisiún tacar de tháscairí coiteanna maidir le tuairisciú agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn RRF i dtreo a cuspóirí⁵.

03 Oibríonn RRF bunaithe ar shamhail mhaoinithe nua. Murab ionann agus formhór bhuiséad an Aontais, áit a soláthraítear cistiú bunaithe ar chostais a thabhaítear, déanann an Coimisiún íocaíochtaí RRF leis na Ballstáit ('eisíocaíochtaí') nuair a bhaintear amach garspriocanna agus spriocanna sásúil. Nuair a bhí a bpleananna náisiúnta á ndearadh, bhí ar na Ballstáit costais mheasta do gach beart a léiriú, chun réasúnaíocht a thabhairt ar an méid a iarradh i ndeontais nó iasachtaí RRF⁶. Murach sin, laghdófaí an tsuim chun go mbeadh sé ag teacht leis na costais mheasta. I **bhFíor 2**, tugtar achoimre ar na ról agus freagrachtaí sna céimeanna éagsúla.

² Airteagal 11 de [Rialachán \(AE\) 2021/241](#).


³ [Tuarascáil speisialta 21/2022](#) maidir le measúnú an Choimisiúin ar na RRPanna náisiúnta.

⁴ [Tuarascáil speisialta 26/2023](#) maidir le creat faireacháin feidhmíochta RRF.

⁵ [Rialachán Tarmligthe \(AE\) 2021/2106 ón gCoimisiún](#) lena leagtar amach na táscairí coiteanna.

⁶ Iarscríbhinn V, pointe 3, de [Rialachán RRF](#).

Fíor 2 – Róil agus freagrachtaí



Foinse: CIE.

An t-aistriú glas faoi RRF

04 Tagraíonn na bearta faoi RRF do réimsí beartais atá ábhartha ar fud an Aontais, agus a bhfuil a struchtúr bunaithe ar sé cholún, arb é an t-aistriú glas ceann de na colúin sin (**Fíor 3**). Cuimsíonn scóip an aistrithe ghlais cuspóirí aeráide agus comhshaoil araon. Ba cheart go rannchuideodh na bearta faoi cholún an aistrithe ghlais leis na nithe seo a leanas:


- o **spriocanna aeráide** an Aontais do 2030 (**Bosca 1**) a bhaint amach agus oibriú i dtreo chuspóir an Aontais chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050⁷; agus
- o inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Ba cheart go gcothódh an t-aistriú glas fás inbhuanaithe, go gcruthódh sé poist agus go gcaomhnódh sé slándáil fuinnimh. Ba cheart go mbeadh athchóirithe agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus acmhainneachta glasa ag tacú leis an aistriú glas, lena n-áirítear bithéagsúlacht, éifeachtúlacht fuinnimh, oibreacha athchóirithe foirgneamh⁸.

⁷ Airteagal 4 de Rialachán RRF.

⁸ Aithris 11 de Rialachán RRF.

Fíor 3 – Colún an aistrithe ghlais agus a réimsí beartais



Foinse: CIE, bunaithe ar [Scórchlár RRF](#).

Bosca 1



Spriocanna aeráide an Aontais do 2030

- (a) Astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú faoi 55 % ar a laghad, i gcomparáid le leibhéal 1990.
- (b) Fuinneamh in-athnuaite a bheith i sciar 42.5 % ar a laghad den fhuinneamh a ídítear a bhaint amach, le huailmhian 45 % a bhaint amach
- (c) ídiú fuinnimh deiridh a laghdú faoi 11.7 %, i gcomparáid leis an ídiú fuinnimh atá measta le haghaidh 2030, bunaithe ar chás tagartha 2020

Foinse: Airteagal 2 de [Rialachán \(AE\) 2018/1999](#) maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena n-áirítear [Treoir \(AE\) 2023/2414](#) maidir le [Fuinneamh In-Athnuaite](#) agus [Treoir \(AE\) 2023/1791](#) maidir le [Fuinneamh Inathnuaite](#).

05 Rinne na Ballstáit agus an Coimisiún measúnú, bunaithe ar an bhfaisnéis ó na Ballstáit agus ar bhreithiúnas cáilíochtúil an Choimisiúin féin, féachaint an bhfuil cothromaíocht idir na colúin á bhaint amach i ngach RRP. Bunaithe ar ár n-anailís, shann an Coimisiún gach beart chuig colún príomha agus tánaisteach, bunaithe ar chuspóir dearbhaithe an bhirt. Rinneadh é a sheiceáil ansin leis na Ballstáit, agus áiríodh é i [Scórchlár RRF](#) – an t-ardán tuairiscithe do RRF. Amhail i bhFeabhra 2024, léiríodh ar [Scórchlár RRF](#) go raibh 984 bheart ag rannchuidiú leis an aistriú glas.

Rianú aeráide faoi RRF

06 Gheall an tAontas Eorpach go gcaithfeadh sé 30 % ar a laghad de bhuiséad 2021-2027 ar ghníomhú ar son na haeráide⁹. Faoi RRF, ní mór do gach Ballstát ar a laghad 37 % den leithdháileadh cistiúcháin iomlán dá RRF a úsáid le haghaidh bearta maidir le gníomhú ar son na haeráide i.e. lena n-áirítear gníomhaíochtaí a rannchuidíonn leis na spriocanna aeráide do 2030 ([Bosca 1](#)). Tugann an sprioc 37 % sin deis – agus an ceanglas – do na Ballstáit chun sciar suntasach bearta atá ábhartha do ghníomhú ar son na haeráide a áireamh ina RRPanna. Tá na bearta sin go léir nasctha le colún an aistrithe ghlais.

⁹ An Chomhairle Eorpach, Conclúidí – Cruinniú urghnách na Comhairle Eorpaí, EUCO 10/20, 2020.7.

07 Chun an rannchuidiú aeráide sin de 37 % a ríomh, áirítear i Rialachán RRF an mhodheolaíocht le haghaidh ‘rianú aeráide’, atá bunaithe ar chomhéifeachtaí aeráide. Is é atá sa mhodheolaíocht ná leagan oiriúnaithe de [mharcóirí Rio](#) a thug an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta isteach in 1998 agus tá sé mar an gcéanna do gach ciste AE, lena n-áirítear RRF, le linn thréimhse 2021-2027¹⁰.

08 Tá comhéifeachtaí aeráide AE ‘gníomhaíocht bhunaithe’¹¹: áirítear i [Rialachán RRF](#) liosta de na 181 réimse idirghabhála, lena gclúdaítear roinnt réimsí infheistíochta, e.g. sócmhainní dochta nó soláimhsithe, taighde agus forbairt, fuinneamh agus iompar. Bíonn gach réimse idirghabhála ag gabháil le comhéifeacht aeráide bunaithe ar éifeacht ionchasach na gníomhaíochta ar an aeráid¹². Is féidir leis na comhéifeachtaí a bheith ag 0 %, 40 % nó 100 % ([Fíor 4](#)). Tá 64 réimse idirghabhála le comhéifeacht aeráide dearfach (40 % nó 100 %).

Fíor 4 – Trí chomhéifeacht aeráide an Aontais de réir a rannchuidiú ionchasach leis an aeráid



Foinse: CIE, bunaithe ar [SWD\(2022\) 225](#), Struchtúr an Phríomhshruthaithe Aeráide i dtréimhse 2021-2027.


09 Déantar an rannchuidiú aeráide iomlán a bhfuiltear ag súil leis in aghaidh an Bhallstáit a ríomh trí na comhéifeachtaí aeráide comhfhreagracha a mhéadú faoi chostais mheasta gach beart RRF, bunaithe ar réimse idirghabhála an bhirt. Molann na Ballstáit réimsí idirghabhála agus déanann an Coimisiún iad a sheiceáil mar chuid dá mheasúnú. B'ionann meastachán comhiomlán na mBallstát agus thart ar 40 % de na leithdháiltí RRF, nó €203 bhilliún as an €504 bhilliún a bhuiséadaigh na Ballstáit i dtosach. Amhail i bhFeabhra 2024, rinneadh an ranníocaíocht aeráide a athbhreithniú go dtí €275 bhilliún (42.5 %) as suim iomlán €648 mbilliún ([Fíor 5](#)).

¹⁰ [SWD\(2022\) 225](#), Struchtúr an Phríomhshruthaithe Aeráide i dtréimhse 2021-2027, lch. 9.

¹¹ Ibid, lch. 5.

¹² Ibid.

Fíor 5 – Rannchuidiú aeráide RRF ionchasach de réir an Bhallstáit



Foinse: CIE, bunaithe ar na 27 RRF, amhail i bhFeabhra 2024.

Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta







10 Ba é cuspóir ár n-iniúchadh measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil dearadh agus cur chun feidhme RRF agus na RRPanna ag rannchuidiú leis an aistriú glas ar bhealach éifeachtach. Rinneamar measúnú ar an rannchuidiú a rinneadh leis an aistriú glas le bearta roghnaithe, a ngarspriocanna agus spriocanna, agus a gcomhéifeachtaí aeráide. Rinneamar athbhreithniú freisin ar dhul chun cinn na mbeart sin agus ar an gcaoi a ndéantar faireachán orthu, go háirithe a mhéid a bhaineann le rannchuidiú RRF le spriocanna aeráide. Ar deireadh, bhreathnaíomar ar an gcaoi a dtuairiscíonn an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis maidir le caiteachas aeráide agus an t-aistriú glas a fhaigheann tacaíocht ó RRF.

11 Rinneamar an t-iniúchadh seo mar gheall ar an ardleibhéal spéise i rannchuidiú RRF leis an aistriú glas agus le spriocanna aeráide an Aontais, i bhfianaise a ábharthachta agus a dheartha nua. Is leathnú é an t-iniúchadh seo ar ár gcuid oibre iniúchóireachta roimhe seo sa réimse seo, go háirithe na tuarascálacha a foilsíodh maidir le [measúnú an Choimisiúin ar RRPanna](#), an [creat faireacháin ar fheidhmíocht RRF](#). Comhlánaíonn agus cuireann ár n-iniúchadh leis an obair leantach atá idir lámha maidir le cistiú dúbailte, ionsú chistí RRF agus córais rialaithe na mBallstát le haghaidh stáitchabhrach agus soláthair phoiblí. Is forbairt é freisin ar ár gcuid oibre roimhe seo maidir le [caiteachas aeráide i mbuiséad an Aontais](#).

12 Chlúdaigh ár n-iniúchadh an tréimhse ó ghlacadh [Rialachán RRF](#) in 2021 go dtí Feabhra 2024. Chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas deartha agus ar chur chun feidhme na mbeart um an aistriú glas sna RRPanna, roghnaíomar ceithre Bhallstát le haghaidh cuairteanna ar an bhfód: an Ghréig, an Chróit, an Phortaingéil agus an tSlóvaic. Chuireamar san áireamh lenár rogha clúdach roimhe seo le tascanna eile na Cúirte. Ina theannta sin, rinneamar ár rogha bunaithe ar ár n-anailís riosca ar bhearta atá clibeáilte leis an aeráid, ar stádas cur chun feidhme na RRPanna ag tráth ár n-iniúchadh agus clúdach geografach.

13 Sa tuarascáil seo, dhíríomar ar infheistíochtaí trí sé cinn a roghnú do gach Ballstát roghnaithe (24 bheart ar an iomlán – *larscríbhinn*). Bhí 55 (fo)bheart ar an iomlán sa sampla a raibh rannchuidiú aeráide dearfach acu. Rinneadh an roghnúchán sular formheasadh caibidlí REPowerEU agus bhí sé bunaithe ar a ábhartha a bhí na bearta um an aistriú glas, a n-ábharthacht, clúdach na gcuspóirí aeráide éagsúla, agus stádas a gcur chun feidhme. Ní chlúdaíonn an t-iniúchadh seo an próiseas meastóireachta agus roghnúcháin chun na bearta RRF atá incháilithe do mhaoiniú ó bhannaí glasa AE a dhéanamh amach. Mar sin féin, d’fhéadfaí ár n-anailís ar bhearta RRF atá ábhartha don aeráid a úsáid mar ionchur le haghaidh aon iniúchadh a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo atá dírithe ar bhannaí glasa. I *bhFíor 6* léirítear ár gcur chuige iniúcháireachta.

Fíor 6 – Obair a rinneadh

-  Athbhreithniú ar na sonraí agus na doiciméid ábhartha lena n-áirítear doiciméid straitéiseacha, reachtacha, beartais agus tionscadail maidir le RRF agus an t-aistriú glas agus meastóireacht meántéarma RRF
-  Athbhreithniú ar gach beart atá clibeáilte leis an aeráid lena n-áirítear na RRPanna go léir, agus na garspriocanna agus spriocanna atá socraithe
-  Agallaimh le húdaráis na mBallstát a bhfuil baint acu i ndearadh agus cur chun feidhme RRPanna, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tairbhíthe deiridh, i mBallstáit roghnaithe
-  Mionanailís ar 24 bheart i mBallstáit roghnaithe, roghnaithe ó na cinn is ábhartha ó thaobh a ranníocaíocht leis an aistriú glas de, trí athbhreithniú deisce agus cuairteanna ar an bhfód
-  Measúnú ar stádas chur chun feidhme RRPanna na mBallstát roghnaithe, le béim ar dhul chun cinn garspriocanna agus spriocanna atá nasctha leis an aistriú glas
-  Agallaimh le foireann an Choimisiúin (An Ard-Stiúrtóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais agus an Tascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta) atá freagrach as cur chun feidhme RRF a stiúradh
-  Agallaimh le geallsealbhóirí agus saineolaithe aeráide

Foinse: CIE.


14 Measaimid go gcabhródh ár gcuid oibre leis na Ballstáit agus an Coimisiún na nithe seo a leanas a fheabhsú: an creat dlíthiúil don aistriú glas, ábharthacht na mbeart atá clibeáilte leis an aeráid agus iontaofacht an tuairiscithe ar rannchuidiú aeráid an Aontais. Beidh ár bhfionnachtana agus ár moltaí úsáideach chun éifeachtacht chistí an Aontais do ghníomhú ar son na haeráide agus don aistriú glas a fheabhsú i gcomhthéacs spriocanna aeráide uailmhianacha an Aontais do 2030 agus 2050.

Barúlacha

D'fhéadfaí rómheastachán a bheith déanta ar an rannchuidiú ó RRF agus na bpleananna náisiúnta leis an aistriú glas

15 I *bhFíor 7* tugtar forléargas ar an rannchuidiú aeráide, de réir mar atá measta sna RRPanna náisiúnta, atá miondealaithe de réir comhéifeachta aeráide agus réimse idirghabhála. Seasann 8 as na 64 réimse idirghabhála a bhfuil comhéifeacht aeráide dearfach acu do 59 % den leithdháileadh beartaithe (mír **09**).

Fíor 7 – Miondealú ar an rannchuidiú aeráide de réir na hidirghabhála agus na comhéifeachta aeráide



Foinse: CIE, bunaithe ar na 27 RRF, amhail i bhFeabhra 2024.

Dúshláin i gcreat RRF ó thaobh meastachán a dhéanamh ar an rannchuidiú aeráide agus an taistriú glas a chlúdach

Ár gcritéir iniúchóireachta

16 I gcomhréir le [Rialachán RRF¹³](#), ba cheart go rannchuideodh RRF leis an aistriú glas, le spriocanna aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach agus le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart fo ndéanfar bearta a shannadh chuig réimsí idirghabhála a bhfuil comhéifeachtaí aeráide ábhartha acu. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí aeráide agus comhshaoil RRF.

17 Scrúdaíomar an bhfuil an creat RRF atá anois ann deartha chun rannchuidiú éifeachtach a dhéanamh leis an aistriú glas, lena n-áirítear spriocanna aeráide an Aontais do 2030 agus 2050. Rinneamar anailís ar choincheapa lárnacha an aistrithe ghlais agus an rianaithe aeráide, agus ar an méid atá i gceist leo. Rinneamar anailís freisin ar an liosta de réimse idirghabhála agus comhéifeachtaí aeráide atá formheasta sa reachtaíocht, agus ar na táscairí coiteanna atá glactha ag an gCoimisiún.

18 Tagraíonn an ranníocaíocht leis an aistriú glas d'athchóirithe agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus acmhainneachta glasa, lena n-áirítear bithéagsúlacht, éifeachtúlacht fuinnimh, athchóirithe foirgneamh¹⁴ (mír **04**). Mar sin, tá scóip níos leithne ag an aistriú glas ná atá ag gníomhú ar son na haeráide, ós rud é go n-áirítear cuspóirí bithéagsúlachta agus comhshaoil ann. Mar sin féin, bunaítear córas rianaithe le [Rialachán RRF](#), a bhfuil sprioc chainníochtúil de 37 % leis do bhearta a bhaineann leis an aeráid (mír **06**) agus dóibh sin amháin, ach ní shocraítear sprioc ann do bhearta comhshaoil. Tá córas rianaithe ann le haghaidh cuspóirí comhshaoil¹⁵, ach ní úsáidtear é, ós rud é nach socraítear sprioc chainníochtúil dó i [Rialachán RRF](#).

19 Inár dtuarascáil speisialta maidir le caiteachas aeráide¹⁶, thugamar ar aire go bhfuil leibhéal ard neastacháin i gceist leis an modheolaíocht a úsáidtear chun gníomhú ar son na haeráide a rianú. Chuireamar in iúl freisin nach féidir, leis na comhéifeachtaí aeráide, cainníochtú cruinn a dhéanamh ar an rannchuidiú aeráide a bhfuiltear ag súil leis.

¹³ Airteagal 4, aithrisí 26 agus 63 de [Rialachán RRF](#).

¹⁴ Aithris 11 de [Rialachán RRF](#).

¹⁵ Iarscríbhinn V a ghabhann le [Rialachán RRF](#).

¹⁶ Tuarascáil speisialta 09/2022, mír 37.

20 Tá an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm ar rianú aeráide comhchoiteann do chistí uile an Aontais lena n-áirítear RRF, thar thréimhse 2021-2027, agus tá sé comhchosúil leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm i dtréimhse 2014-2020 (mír 07). D’admhaigh an Coimisiún, faoi RRF, go bhféadfadh gannmheastachán nó rómheastachán ar an rannchuidiú aeráide a bhfuiltear ag súil leis a bheith mar thoradh ar chomhéifeacht aeráide aonair (40 % nó 100 %) a úsáid i gcásanna áirithe¹⁷. Chun meastachán níos fearr a dhéanamh ar an rannchuidiú aeráide, thug an Coimisiún isteach coincheap na bhfobheart, ionas go bhféadfaí, i gcás ina raibh faisnéis leordhóthanach ar fáil, iliomad réimsí idirghabhála agus comhéifeachtaí a úsáid chun an rannchuidiú aeráide a dhéanamh amach ar bhealach níos beachte, agus costais a eisiamh nach bhfuil aon rannchuidiú nó nach bhfuil ach rannchuidiú neamhshuntasach i gceist leo¹⁸. Phléigh agus chomhaontaigh an Coimisiún agus na Ballstáit na fobhearta a moladh de réir an cháis.

21 Thugamar ar aire go bhfuil beagnach leath an rannchuidithe aeráide ó RRF (44 %) ag teacht ó bhearta nach bhfuil roinnte ina bhfobhearta. Dheimhnigh ár sampla sciar comhchosúil de 10 as gach 24 bheart nach raibh roinnte (41 %). Sannadh comhéifeacht aeráide 100 % don 10 mbeart sin agus fuaireamar go raibh rómheastacháin féideartha i seacht gcinn díobh ar a laghad, ós rud é nach raibh na gnéithe go léir ábhartha don aeráid. Mar thoradh air sin, tháingamar ar an gconclúid gur úsáideadh leibhéal ard neastacháin chun meastachán a dhéanamh ar rannchuidithe aeráide na mbeart sin, go háirithe i gcás na cinn casta a raibh comhchodanna éagsúla le rannchuidithe aeráide éagsúla ag baint leo.


22 Cé gurb é aidhm na bhfobheart comhéifeachtaí aeráide a shannadh ar bhealach níos fearr, níor áiríodh i dtreoraíocht an Choimisiúin treoracha chun comhleanúnachas a áirithiú i gcur i bhfeidhm na bhfobhearta ar fud na RRPanna éagsúla. I gcleachtas, is é a bhí mar thoradh air sin ná comhéifeachtaí a raibh leibhéil éagsúla de mhionsonraí iontu a shannadh. Mar shampla, inár sampla fuaireamar gurbh í an Chróit amháin a roinn an beart chun athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh a mhaoiniú chun cuntas a thabhairt ar an gcuid struchtúrtha den infheistíocht gan comhéifeacht aeráide. Ní raibh aon roinnt eile molta ag na trí Bhallstát eile le haghaidh aon bheart comhchosúil.

¹⁷ SWD(2021) 12 cuid 1/2, Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRPanna, lch. 29.

¹⁸ Ibid.

23 Sannann **Rialachán RRF** comhéifeacht aeráide 40 % d'aon foirgneamh nua an-éifeachtúil a thógáil. Measaimid, ós rud é nach bhfuil aon choigiltis fuinneamh ag teacht ó fhoirgnimh nua, nach bhfuil údar leis an gcomhéifeacht aeráide 40 % agus gur 0 % a cheart go mbeadh ann. Ina theannta sin, fuarthas roimhe seo inár **dtuarascáil speisialta maidir le caiteachas aeráide** go bhféadfadh rómheastacháin ó thaobh an rannchuidithe a bhfuiltear ag súil leis de a bheith mar thoradh ar roinnt comhéifeachtaí aeráide a sannadh sa chreat dlíthiúil do bhonneagair iarnróid agus eangacha leictreachais. Measaimid go bhfuil na fionnachtana sin fós bailí le haghaidh RRF. Léirítear i **bhFíor 8** ár n-athmheasúnú ar na comhéifeachtaí do na trí réimse idirghabhála sin atá luaite agus an rómheastachán dóchúil don RRF atá mar thoradh orthu, arb ionann é an€34.5 billiún. Rinneamar ár measúnú bunaithe ar 40 % a shannadh do rannchuidiú dearfach nach bhfuil beag agus 0 % a shannadh do rannchuidiú neodrach nó neamhshuntasach¹⁹ (**Fíor 4**)

Fíor 8 – Athmheasúnú na Cúirte ar chomhéifeachtaí



Tabhair ar aire: Clúdaíonn an t-athmheasúnú seo réimsí idirghabhála 064, 065, 066bis, 033 agus 025ter.

Foinse: CIE, bunaithe ar an **tuarascáil speisialta maidir le caiteachas aeráide** agus an **Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh**.

¹⁹ COM(2022) 225, **Struchtúr an Phríomhshruthaithe Aeráide i dtréimhse 2021-2027**.

24 Tá ceithre cinn de na 14 tháscaire coiteann atá sainithe le haghaidh RRF dírithe ar dhul chun cinn i dtreo an aistrithe ghlais a thomhas (**Fíor 9**). Fuarthas ina gcuid oibre roimhe seo go bhfuil na táscairí coiteanna teoranta maidir le measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán agus nach bhfuil ach clúdach teoranta ar na sé cholún i gceist leo²⁰. Mar shampla, níl aon táscaire coiteann le haghaidh bearta comhshaoil nó le haghaidh bearta chun astaíochtaí GCT a laghdú, ar bearta iad atá ábhartha do chuspóirí comhshaoil agus aeráide RRF. Mar gheall ar na táscairí sin a bheith in easnamh, ní féidir an dul chun cinn i dtreo na gculpóirí sin a thomhas.

Fíor 9 – Ceithre tháscaire choiteanna faoi cholún an aistrithe ghlais



Foinse: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2106.

Ranníocaíocht mhíshoiléir bhearta RRF atá beartaithe le gníomhú ar son na haeráide agus leis an aistriú glas

Ár gcritéir iniúchóireachta

25 I gcomhréir le Rialachán RRF²¹, ba cheart do na Ballstát a áireamh ina RRPanna bearta atá ábhartha don aistriú glas agus a rannchuidíonn le spriocanna aeráide. Ba cheart go léireodh na comhéifeachtaí aeráide cuspóirí na mbearta agus a dtionchar ionchasach ar an gníomhú ar son na haeráide. Ba cheart go ndéanfadh na garspriocanna agus na spriocanna atá nasctha leis na bearta sin measúnú ar an dul chun cinn i dtreo chuspóirí RRF a bhaint amach, lena n-áirítear an t-aistriú glas.

²⁰ Tuarascáil speisialta 26/2023, míreanna 42, 43 agus 94.

²¹ Aithrisí 26 agus 39, airteagail 2, 4 agus 18 de Rialachán RRF.

26 Rinneamar measúnú ar a mhéid a roghnaigh na Ballstáit bearta ábhartha don aistriú glas nó don ghníomhú ar son na haeráide nuair a bhí a bpleananna á ndearadh acu. Bhreathnaíomar freisin ar cé hiad na Ballstáit a bhunaigh garspriocanna agus spriocanna lenar féidir feidhmíocht a mheasúnú. Ós rud é go ndéanann an Coimisiún na pleannanna náisiúnta a mheasúnú, rinneamar anailís freisin ar an treoraíocht a tugadh.

27 Ar an iomlán, thugamar ar aire gur spreag sprioc chainníochtúil maidir le gníomhú ar son na haeráide na Ballstáit chun bearta a áireamh ina RRPanna a bhfuil nasc acu leis an aeráid. I ngach ceann de RRPanna na mBallstát roghnaithe, shainaithníomar bearta a bhí dírithe, ar leibhéal an deartha, ar dhícharbónú, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar éifeachtúlacht fuinnimh (tugtar roinnt sampla i [mBosca 2](#), i [mBosca 3](#) agus i [mBosca 4](#)).

Bosca 2



Athchóirithe foirgnimh sa Chróit agus sa Ghréig

Tá ról tábhachtach ag athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh ó thaobh spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, ós rud é go seasann foirgnimh do thart ar 40 % den fhuinneamh príomhúil agus go n-astaíonn siad 36 % de na hastaíochtaí CO₂²².

D'áirigh an **Chróit** beart le costais mheasta de €147 mhilliún chun ceanglas de laghdú 50 % ar riachtanais fuinnimh bhliantúla le haghaidh téimh a chur i bhfeidhm, le haghaidh laghdú fuinnimh príomhúil 30 %. Is é is cuspóir leis an mbeart sin ná foirgnimh ilteaghaise a athnuachan, le féidearthacht níos mó le haghaidh coigiltis fuinnimh.

Mhol an **Ghréig** beart le costais mheasta de €1.25 bhilliún chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú do 105 000 cónaitheoirí agus acmhainneacht 150 MW a shuiteáil ó fhoinsí nua fuinnimh in-athnuaite.

²² RRP tosaigh na Cróite, Ich. 1124 agus RRP tosaigh na Gréige, Ich. 117.

Bosca 3



Dícharbónú tionsclaíoch sa tSlóvaic

Seasann táirgeadh tionsclaíoch agus úsáid breoslaí iontaise i dtionscal do 41 % de na hastaíochtaí ar fad sa **tSlóvaic**, arb é sin an sciar is airde i measc Ballstáit an Aontais²³. Is é is aidhm do bheart, a bhfuil costais mheasta de €362.7 milliún ag baint leis, ná astaíochtaí GCT a laghdú trí thionscadail a chistiú chun tionscal a dhícharbónú, chun fuinneamh a shábháil agus teicneolaíochtaí comhshaoil nuálacha a úsáid i dtionscail atá dian ar charbóin.

Bosca 4



Hidrigin in-athnuaite agus gásanna eile sa Phortaingéil

Tá sé mar aidhm ag an **bPortaingéil** fuinneamh in-athnuaite ó hidrigin agus gásanna in-athnuaite eile a chur chun cinn, chun fás eacnamaíoch agus fostaíocht a fheabhsú, chun taighde agus forbairt a chothú, agus chun spleáchas fuinnimh náisiúnta a laghdú. Maoiníonn an beart RRF, arb ionann é agus €255 mhilliún, acmhainneacht bhreise de 277 MW chun hidrigin a tháirgeadh ó fhoinsí fuinnimh ísealcharbóin agus in-athnuaite.

28 Níor mhór an rogha bearta RRF a thabhairt chun críche laistigh de chreat ama gearr: tar éis ghlacadh [Rialachán RRF](#) i bhFeabhra 2021, bhí ar na Ballstáit a RRPanna a chur ar bun, chomh maith le garspriocanna agus níor mhór spriocanna a bhaint amach roimh ‘spriocdháta’ RRF – 30 Lúnasa 2026²⁴. Le treoraíocht an Choimisiúin²⁵, moladh do na Ballstáit tionscadail aibí a shainaithint, á thabhairt san áireamh an amlíne atá beartaithe dá gcur chun feidhme. Bhí tábhacht áirithe ag baint leis an tráthúlacht le haghaidh caibidlí REPowerEU (mír [01](#)). I dtuairim [04/2022 uainn maidir le REPowerEU](#), thugamar ar aire go bhféadfadh sé nach raibh creat ama gearr RRR, chomh maith leis an am a bhí ag teastáil chun leasuithe ar RRPanna a thíolacadh agus a fhorghas, oiriúnach do chuid de chuspóirí REPowerEU²⁶.

²³ RRP tosaigh na Slóvaice, lch. 7.

²⁴ Airteagal 18(4)(i) de [Rialachán RRF](#).

²⁵ [SWD\(2021\) 12 cuid 1/2](#), Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRPanna, lch. 44.

²⁶ Mír 7 de [Thuairim 04/2022 REPowerEU](#).


29 Léiríonn ár n-anailís ar na ceithre RRP sa sampla gur lean na Ballstáit treoraíocht an Choimisiúin den chuid is mó agus gur roghnaigh siad tionscadail aibí, agus gur áirigh siad ina RRPanna bearta a fuair cistiú ó ionstraimí eile de chuid an Aontais de ghnáth, nó bearta a bhí ag feitheamh ar chistí lena gcur chun bhfeidhme. Fuaireamar freisin inár sampla ceithre shampla de bhearta um fhoinsí fuinnimh in-athnuaite nó iarnróid a chothabháil, is féidir a mheas gur chuid de chaiteachas athfhillteach an rialtais iad²⁷. Ní cheadaítear é sin a dhéanamh faoi RRF ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo²⁸.

30 Rinneamar measúnú freisin ar an gcaoi a ndearnadh bearta a chlibeáil chun meastachán a dhéanamh ar a rannchuidiú aeráide. Sna RRPanna roghnaithe, fuaireamar go raibh comhéifeachtaí aeráide cuí ag 36 (fo)bheart (as 55). Sna 19 gcás eile, measaimid nach raibh údar iomlán cuí leis an gcomhéifeacht. Bhí sé sin mar gheall nach raibh na (fo)bhearta sin ag teacht leis na réimsí idirghabhála roghnaithe, nár léirigh nádúr ná a gcuspóirí go cruinn. Tá ár measúnú bunaithe ar an gcur síos ar an mbeart agus a gharspriocanna agus spriocanna, de réir mar a áiríodh sna RRPanna. Measaimid gur cheart go dtabharfadh an Coimisiún na neamhréireachtaí faoi deara nuair atá measúnú á dhéanamh acu ar na pleananna. In 12 as na 19 gcás, rinneamar na (fo)bhearta a athshannadh do réimsí idirghabhála a léirigh nádúr na hinfheistíochta agus an chomhéifeacht ghaolmhar ar bhealach níos fearr. Tá rómheastachán €430 milliún dóchúil ar a laghad mar thoradh air sin. I **bhFíor 10** tugtar samplaí ina measaimid nach bhfuil an réimse idirghabhála – agus an chomhéifeacht lena mbaineann – a roghnaigh na Ballstáit agus a d’fhormheas an Coimisiún i gceart.

²⁷ Páipéar oibre an Bhainc Dhomhanda, [Ceanglais maidir le chaiteachas athfhillteach thionscadal caipitil](#).

²⁸ SWD(2021) 12 cuid 1/2, Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRPanna, lgh. 16-17.

Fíor 10 – Samplaí de rianú aeráide nach léiríonn nádúr an (fho)bhirt



Foinse: CIE, bunaithe ar na RRPanna tosaigh agus ar larscríbhinn VI de [Rialachán RRF](#).

31 Ní raibh samplaí sonracha maidir le bearta a bheadh oiriúnach do gach réimse san áireamh sa treoraíocht a thug an Coimisiún maidir le bearta a roghnú a rannchuidíonn leis an aistriú glas agus iad a cheangal le comhéifeachtaí aeráide agus réimsí idirghabhála²⁹. Ní raibh critéir ná moltaí sa treoraíocht maidir le cén uair ba cheart beart a roinnt ina fhobhearta (míreanna **20**).

32 Is féidir beart a chlúdaíonn gníomhaíocht shonrach a shannadh do réimsí idirghabhála éagsúla, a chomhairtear mar 100 % nó 40 % ag brath ar an bhfuil siad ceangailte leis na coinníollacha is gá a chomhlíonadh nó nach bhfuil³⁰. Mar shampla, bíonn comhéifeacht aeráide 40 % ag bearta um éifeachtúlacht fuinnimh de ghnáth. Chun beart a chomhaireamh mar 100 % ábhartha don aeráid, ceanglaítear **Rialachán RRF** go mbainfeadh beart amach laghdú meándomhain ar an éileamh fuinnimh príomhúil ar an meán. Comhfhreagraíonn athchóirithe meándomhain le coigiltis fuinnimh phríomhúla idir 30 % agus 60 %³¹. Shonraigh an Coimisiún ina threoraíocht gur leor coigiltis fuinnimh phríomhúla de 30 % ar an meán a bhaint amach (arb é an raon is ísle atá ceadaithe) chun go gcomhairfí beart mar rannchuidiú 100 % le gníomhú ar son na haeráide³². Ciallaíonn sé sin gur féidir athchóirithe simplí (a chomhfhreagraíonn le coigiltis de níos lú ná 30 %) a chomhaireamh mar rannchuidiú 100 % leis an aeráid, fad is go mbíonn coigiltis níos airde i gceist le tionscadail eile laistigh den bheart céanna.

33 Clúdaíonn an liosta de réimsí idirghabhála atá ábhartha do ghníomhú ar son na haeráide, de réir mar atá leagtha amach i **Rialachán RRF**, thart ar 97 % de gach bheart RRF a bhfuil rannchuidiú aeráide aige. Maidir leis na cásanna eile, d'fhéadfadh na Ballstáit réimsí idirghabhála *ad hoc* a úsáid. Fuaireamar gur úsáideadh na réimsí *ad hoc* sin le haghaidh feithiclí leictreacha nó feithiclí hibrídeacha inluchtaithe. Clibeáladh feithiclí leictreacha ag 100 % agus clibeáladh feithiclí hibrídeacha inluchtaithe ag 40 %. Níl sé soiléir an raibh sé i gceist ag na comhrechtóirí na hinfheistíochtaí sin a eisiáimh ón rannchuidiú aeráide. De réir an Choimisiúin, neamart a bhí ann go raibh na réimsí idirghabhála sin in easnamh.

²⁹ SWD(2021) 12 cuid 1/2, Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRPanna.

³⁰ SWD(2021) 12 cuid 1/2, Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRPanna, Ich. 28; Iarscríbhinn V a ghabhann le **Rialachán RRF**.

³¹ Moladh ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta.

³² SWD(2021) 12 cuid 1/2, Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRPanna, Ich. 30.

34 Tá saincheist fhadhbach ag baint le costais riaracháin. Thug an tSlóvaic isteach fobhearta le haghaidh costais riaracháin chun tuarastail na bhfostaithe atá ann cheana agus na gconraitheoirí a fostaíodh chun RRF a bhainistiú a chlúdach. Costais riaracháin AE mar chaiteachas aeráide³³. Ina theannta sin, do RRF, meastar go ginearálta gur caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach iad costais don fhoireann atá cheana ann agus níor cheart maoiniú RRF a chur ina n-ionad (ach amháin i gcás a bhfuil údar maith leis)³⁴. Shann údaráis na Slóvaice comhéifeacht aeráide dhearfach ar fobhearta um chostais riaracháin, áfach, rud nach bhfuil údar leis de réir ár measúnú.



35 Tar éis ár n-anailís ar na garspriocanna agus na spriocanna atá sannta do na bearta sa sampla sna Ballstáit a roghnaíomar, fuairamar samplaí de gharspriocanna agus spriocanna nach n-áirithíonn go ndéantar an dul chun cinn a rianú go dtí go gcuirtear i gcrích iad don aistriú glas nó nach gclúdaíonn na fobhearta ar fad atá ábhartha don aeráid (**Tábla 1**). Ciallaíonn sé sin go spreagfadh garspriocanna agus na spriocanna íocaíochtaí gan faisnéis a chur ar fáil maidir le rannchuidiú na (bhfo)bhearta leis an aistriú glas agus a thorthaí. Measaimid go bhféadfadh an Coimisiún agus spriocanna feabhsaithe a iarraidh. Úsáidtear garspriocanna agus spriocanna chun dul chun cinn an chur chun feidhme a thomhas. Inár gcuid oibre roimhe seo³⁵, thugamar ar aire go raibh siad dírithe ar aschuir seachas ar thorthaí. Bíodh sin mar atá, fuairamar sampla maith sa tSlóvaic, áit a raibh an sprioc le haghaidh beart chun an tionscail a dhícharbónú socraithe i dtéarmaí na laghduithe CO₂ iarbhir.

³³ An Coimisiún, [leathanach gréasáin maidir le príomhshruthú aeráide](#).

³⁴ SWD(2021) 12 cuid 1/2, Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRFanna, lch. 16.

³⁵ Tuarascáil speisialta 21/2022, mír 81, agus Tuarascáil speisialta 26/2023, mír 95.

Tábla 1 – Samplaí de shaincheistanna a shainaithníomar leis na spriocanna um an aistriú glas

Saincheist a shainaithníomar	Samplaí ó na Ballstáit
 <p>Easpa spriocanna atá ábhartha don aeráide chun dul chun cinn a rianú go dtí an cur i gcrích</p>	<p>Sa tSlóvaic, tá an t-aon sprioc le haghaidh fobheart maidir le hoiriúnú don aeráid maidir le roghnú tionscadal. Eisíocfaidh an Coimisiún cistí gan a fhios a bheith acu an rannchuidíonn na tionscadail le cuspóir an bhirt nó an mbaintear amach iad ar chur a bith.</p>
 <p>Ní chlúdaíonn garspriocanna agus spriocanna na bhfobhearta ar fad atá ábhartha don aeráid</p>	<p>Sa Ghréig, roinneadh beart a bhí dírithe ar pháirceanna tionsclaíocha chun infheistíochtaí i bhfuinneamh gréine, bainistiú uisce, bailiú uisce dramhaíola etc. a chur san áireamh. Ní luaitear aon fhobhearta sa gharsprioc críochnaitheach maidir le tógáil na dtionscadal roghnaithe go léir a thabhairt chun críche.</p>

Léiriú lag ar an gcaoi a rannchuidíonn chur chun feidhme beart RRF leis an aistriú glas

Neamhréireachtaí i gcur chun feidhme an prionsabail ‘gan aon dochar suntasach a dhéanamh’

Ár gcritéir iniúchóireachta

36 Ba cheart do gach beart RRF, lena n-áirítear an t-aistriú glas, ‘gan aon dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) do na sé chuspóir comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 den [Rialachán maidir le Tacsanomaíocht](#)³⁶.

37 Scrúdaíomar an chaoi ar cuireadh an prionsabal ‘gan aon dochar suntasach a dhéanamh’ i bhfeidhm inár sampla bearta, agus ar a ranníocaíocht le gníomhú ar son na haeráide.

³⁶ Airteagal 5(2) de [Rialachán RRF](#).

38 Is é an aidhm atá le prionsabal DNSH ná a áirithiú go bhfuil na bearta go léir a fhaigheann cistiú ó RRF inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Le [Rialachán RRF](#), cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar RRPanna chun a áirithiú go gcomhlíontar prionsabal DNSH³⁷ ([Fíor 11](#)) Den chéad uair, ba choinníoll é an prionsabal sin chun cistiú a fháil. Níor mhór aghaidh a thabhairt ar gach beart mar chuid de mheasúnú DNSH. Nuair a bhí údar cuí leis, d'fhéadfadh an measúnú a bheith i bhfoirm shimplí i gcomhair cuspóir comhshaoil amháin nó níos mó.

39 Faoi threoraíocht an Choimisiúin, d'fhéadfaí cur chuige simplithe a bheith ann 'nuair a rianaítear beart mar bheart atá ag tacú 100 % le ceann de na sé chuspóir comhshaoil', ós rud é go 'meastar go bhfuil sé comhlíontach le DNSH don chuspóir sin'³⁸. Ina theannta sin, leis an treoraíocht theicniúil féadadh cur chuige simplithe a úsáid nuair nach bhfuil aon tionchar intuartha, nó tionchar intuartha neamhshuntasach, ag beart air. Mar sin féin, measadh le [treoraíocht theicniúil DNSH](#) 'nach dócha' go mbeadh feidhm aige maidir leis an gcur chuige simplithe le haghaidh bearta i réimsí amhail fuinneamh, iompar, bainistiú dramhaíola agus tionscail, mar gheall ar rioscaí níos airde go ndéanfaí difear do chuspóir amháin nó níos mó.

Fíor 11 – Na sé chuspóir comhshaoil a chlúdaítear le prionsabal DNSH in RRF



Foinse: CIE, bunaithe ar an [Rialachán maidir le Tacsanomaíocht](#).

³⁷ Airteagal 18(4)(d) de [Rialachán RRF](#).

³⁸ Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm DNSH faoi [Rialachán RRF](#).

40 Measann an Coimisiún go bhfuil na Ballstáit iomlán freagrach as cur chun feidhme cuí phrionsabal DNSH a áirithiú³⁹. Ní mór dó seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabal DNSH nuair atá measúnú á dhéanamh ar na RRPanna, áfach. Ag an gcéim cur chun feidhme, déanann an Coimisiún comhlíonadh chosaintí DNSH a fhíorú de réir mar atá cur síos air sa chinneadh ón gComhairle maidir le RRPanna a fhormheas, ar choinníoll go bhfuil na cosaintí sin mar chuid de na garspriocanna agus spriocanna. Tá measúnú DNSH cuí ríthábhachtach ós rud é go mbíonn beart neamh-incháilithe má sháraíonn sé prionsabal DNSH⁴⁰. Fuaireamar roimhe seo go ndearna an Coimisiún measúnú iomchuí ar bhearta RRF agus a gcomhlíontacht DNSH den chuid is mó, á iarraidh eisiáimh nó modhnuithe nuair ba ghá⁴¹, ach nach ndearna sé cainníochtú ar nádúr agus scála an tionchair a bhí ag bearta a d'fhéadfadh a bheith díobhálach.

41 Léirigh ár n-anailís ar an measúnú DNSH a rinneadh ar na 24 bheart sa sampla gurbh é an toradh a bhí ar an treoraíocht DNSH ná gur chuir na ceithre Bhallstát an prionsabal i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, rinne an Chróit measúnú substainteach DNSH ar gach ceann de na sé bheart sa sampla, agus roghnaigh an Ghréig an cur chuige simplithe i gcónaí, fiú do bhearta a raibh rioscaí níos airde ag baint leo maidir le dífear a dhéanamh do chuspóir DNSH amháin nó níos mó (mír **40**), rud a ghlac an Coimisiún leis. Dearbhaíodh lenár gcuid oibre go measann údarais náisiúnta go bhfuil sé dúshlánach forálacha DNSH a chur chun feidhme mar gheall go bhfuil siad casta agus nua.

42 I gcoinníollacha áirithe⁴², eisióinn [Rialachán RRF](#) roinnt beart REPowerEU ó phrionsabal DNSH a chomhlíonadh, amhail iad sin is gá chun slándáil fuinnimh láithreach a áirithiú. D'admhaíomar inár [dtuairim maidir le REPowerEU](#) go gcruthaíonn díolúine den chineál sin riosca d'éifeachtacht RRF i dtreo an aistrithe ghlais, ós rud é go bhfágann siad go mbíonn comhghéilleadh ann idir cuspóir an tsoláthair fuinnimh slán ar lámh amháin, agus buarthaí aeráide ar an lámh eile.

³⁹ Treoraíocht maidir le comhlíontacht DNSH le linn cur chun feidhme RRF.

⁴⁰ Ibid.


⁴¹ Tuarascáil speisialta 21/2022, míreanna 58 agus 60.

⁴² Airteagal 21c(6) de [Rialachán RRF](#), arna leasaíodh le [Rialachán \(AE\) 2023/435](#) maidir le caibidlí REPowerEU.

43 Anuas ar phrionsabal DNSH, tá foirgnimh mhóra nó tionscadail forbartha san Aontas faoi réir mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol (MTC), de réir [Threoir 2011/92/AE](#). Léirítear i [bhFíor 12](#) na cuir chuige éagsúla i leith na ceanglais chomhshaoil sin. Bhí barúil chomhchosúil ag éirí as ár gcuid oibre roimhe seo maidir le measúnú an Choimisiúin ar RRPanna⁴³.

Fíor 12 – Measúnú a dhéanamh ar cheanglais comhshaoil sa Phortaingéil


Sampla den dea-chleachtas:



Maidir le beart a bhaineann le damba a thógáil, áirítear tagairt do MTC ina gharspriocanna. Measaimid go n-éascaíonn tagairt do EIA agus a cheanglais go ndéanfaidh údaráis náisiúnta agus an Coimisiún seiceáil ar chomhlíontacht nuair a dhéanann siad measúnú ar gharspriocanna nó spriocanna ábhartha sula n-eisíoctar íocaíocht.

Sampla de chur chuige níos fadhbaí:

Maidir le hinfheistíocht mhór amháin in iompar poiblí, níor mheas an measúnú DNSH go raibh aon tionchar diúltach féideartha ar mhaolú aeráide ag baint leis an mbeart ós rud é gur clibeáladh é mar 100 % ábhartha don aeráid. Ní féidir a sheachaint, áfach go n-astóidh an tionscadal GCTanna suntasacha le linn na céime tógála, agus gan measúnú substainteach DNSH níorbh fhéidir leis na húdaráis náisiúnta a sheiceáil conas a ndéanfaí iad a chóimheá le coigiltis nuair atá an tionscadal oibríochtúil.



Foinse: CIE, bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas ó údaráis na Portaingéile.

Níl gach beart atá ábhartha don chomhshaol a ghlaise is a beartaíodh

Ár gcritéir iniúchóireachta

44 Ba cheart go rannchuideodh bearta atá clibeáilte mar ábhartha don aeráid leis an aistriú glas ar bhealach éifeachtach agus rannchuidiú dearfach a léiriú ó thaobh gníomhú ar son na haeráide de, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach⁴⁴.

⁴³ Tuarascáil speisialta 21/2022, míreanna 60 agus 61.

⁴⁴ Airteagail 4 agus 19(3)(e), larscríbhinn a ghabhann le [Rialachán RRF](#).

45 Scrúdaíomar stádas reatha chur chun feidhme na mbeart a bhaineann leis an aeráid, tráth na hiniúcháireachta. Rinneamar measúnú ar neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomparáid le dearadh tosaigh na mbeart sna RRPanna.

46 Mar chuid dár n-anailís ar na bearta roghnaithe a bhí clibeáilte mar bhearta a rannchuidíonn le gníomhú ar son na haeráide, ardaíodh saincheisteanna ó thaobh an bhfuil na bearta sin a ghlaise agus a beartaíodh. I *mBosca 5* tugtar samplaí de neamhréireachtaí a éiríonn ó bhearta nach bhfuil chomh glas is a cuireadh in iúl, rud a shainaithníomar i ngach ceann de na Ballstáit sa sampla nuair a rinneamar measúnú ar a gcur chun feidhme.

Bosca 5



Samplaí de bhearta atá ábhartha don aeráid nach bhfuil chomh glas is a cuireadh in iúl



Ní dhéantar measúnú ar thionchair ar an gcomhshaol

Sa **Ghréig**, tá beart ann chun gléasra hidreachumhachta le taisce pumpála a thógáil. Tá an raon chumhachta agus an saolré is airde ag an gcineál seo stóráil fuinnimh, i gcomparáid le ceallraí agus córais stórála hidrigine, ach níl sé chomh inbhuanaithe céanna ó thaobh an chomhshaoil de, ós rud é go rannchuidíonn sé le cailteanas bithéagsúlachta sa saol uisceach⁴⁵. Fuaireamar nach ndearnadh measúnú ar an díobháil féideartha don bhithéagsúlacht don bheart (mír **41**) agus nár sainaithníodh céimeanna maolaithe.



Ranníocaíocht aeráide mícheart

Sa **Chróit**, clibeáladh beart maidir le taighde agus forbairt mar ‘iompar uirbeach glan’ (comhéifeacht 100 %) Is tionscadal é seo atá dírithe ar iomaíochas agus digiteáil. Measaimid gur réimse idirghabhála ní b’oiriúnaí a bheadh i ‘iompar a dhigiteáil agus é tiomnaithe i bpáirt do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa: iompar de bhóthar’, le comhéifeacht 40 %. Fuaireamar go bhféadfadh éifeacht seach-iarmharta a bheith ag an tionscadal ar an aeráid mar gheall go n-úsáidfídh sé feithiclí leictreacha, ach ní leor an méid sin chun údar maith a thabhairt do chomhéifeacht aeráide 100 %.

Sa **Phortaingéil**, maoiníodh tionscadail ailtireachta agus oibreacha athchóirithe d’ionaid cosanta sibhialta i gceantair thuaithe le beart oiriúnaithe aeráide foraoise (comhéifeacht 100 %). Measaimid nach bhfuil an caiteachas sin ábhartha ach go pointe measartha d’oiriúnú aeráide agus, mar sin, níl údar maith leis an gcomhéifeacht 100 %.

47 Rinneamar comparáid freisin idir méideanna a leithdháileadh ar bhearta roghnaithe agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo. Fuaireamar dhá chás, bunaithe ar an stádas cur chun feidhme ag tráth na hiniúcháireachta sa dara leath de 2023, ina bhféadfaí an sprioc a bhaint amach ach beagán de na costais mheasta a chaitheamh, ós rud é gur socraíodh na spriocanna go han-íseal – **Bosca 6**.

⁴⁵ EPRS, Cuir i gcás go bhféadfadh stóráil fuinnimh méadaithe cuidiú chun an t-athrú aeráide a réiteach?, 2023.

Bosca 6



Samplaí de bhearta nach bhféadfaí a spriocanna a bhaint amach ós rud é gur socraíodh buiséad ró-ard

Sa **tSlóvaic**, de réir an RRP athbhreithnithe, tá beart ann atá ceaptha acmhainneacht giniúna fuinnimh 83 MW a nuachóiriú ó fhoinsí inbhuanaithe. In 2022 agus 2023, sheol na húdaráis trí ghlaio ar thograí chun plandaí hidreachumhachta, nó suiteálacha bithgháis nó bithmheatáin a nuachóiriú. Le linn ár gcuid oibre iniúcháireachta, fuaireamar go raibh ocht n-iarratas formheasta faoin nglao ar phlandaí hidreachumhachta a d'fhéadfadh acmhainneacht uasghrádaithe 78 MW a bhaint amach ina n-aonar, rud a sheasann do 94 % den sprioc. Mar sin, tarraingimid amhras ar uailmhian na sprice. Seasann na suimeanna a d'fhormheas an tSlóvaic do na tionscadail sin do 30 % de chostas measta an bhirt. Mar sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ar an 70 % eile den tacaíocht a bheith mar uailmhian acu ach 6 % den sprioc, rud a léiríonn go bhféadfaí an beart a bhaint amach le beagán den chostas ós rud é gur socraíodh sprioc an-íseal.

Sa **Phortaingéil**, bhí sprioc tosaigh de limistéar athchóirithe 1 milliún m² ag beart chun foirgnimh phríobháideacha a athchóiriú trína n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Fuaireamar go ndeachaigh tionscadail a fuair cistiú 10 n-uaire thar an sprioc (10 milliún m²) le 41 % den chostas measta (€123 milliún as €300 milliún). Chuir caibidil REPowerEU na Portaingéile €120 milliún breise leis an mbeart sin agus nuashonraíodh an sprioc go dtí limistéar athchóirithe 7.6 milliún m². I bhfianaise na dtionscadal a raibh an sprioc bainte amach acu cheana, agus an sprioc a bhí bainte amach roimhe, measaimid go bhfuil an sprioc a socraíodh don bheart seo ró-íseal do na méideanna a leithdháileadh.

Níl tuairisciú RRF maidir le caiteachas aeráide agus an t-aistriú glas ceangailte leis na costais agus na torthaí iarbhir

Póirsí dorcha maidir le feidhmíocht bheart RRF um an aistriú glas

Ár gcritéir
iniúcháireachta

48 Ba cheart don Choimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an aistrithe ghlais in RRF⁴⁶.

⁴⁶ Aithris 63 agus Airteagal 29 de [Rialachán RRF](#).

49 Scrúdaíomar conas a dhéanann creat RRF faireachán ar fheidhmíocht na mbeart ó thaobh an aistrithe ghlais de. Rinneamar measúnú ar a mhéid a thugann táscairí comhchoiteanna faisnéis leordhóthanach maidir leis na bearta inár sampla agus ar rannchuidiú féideartha bearta um an aistriú glas i dtreo spriocanna aeráide an Aontais.

50 Laistigh de chreat dlíthiúil RRF, níl aon cheanglas ann measúnú a dhéanamh ar thionchar bhearta RRF um an aistriú glas ar spriocanna aeráide an Aontais. Ina threoirlínte, áfach, spreag an Coimisiún na Ballstáit chun meastachán a dhéanamh, ina RRPanna, ar thionchar na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí ar laghdú na n-astaíochtaí GCT, ar an sciar den fhuinneamh in-athnuaite nó ar éifeachtúlacht fuinnimh. Spreag sé na Ballstáit freisin chun meastachán a dhéanamh ar a mhéid a rannchuideodh na RRPanna le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach⁴⁷. Fuaireamar nach ndearna aon cheann de na Ballstáit a roghnaíomar a leithéid. Ní dhearna siad measúnú ar an rannchuidiú leis an aeráid agus le cuspóirí fuinnimh ar leibhéal na mbeart aonair, ná ar leibhéal RRP.

51 Áirítear i gcreat dlíthiúil RRF, áfach, ceithre tháscaire maidir le faireachán a dhéanamh ar a fheidhmíocht i dtreo an aistrithe ghlais (mír 24). Mar chuid dár gcuid oibre iniúchóireachta, bhreathnaíomar ar na táscairí coiteanna do na bearta um an aistriú glas agus fuaireamar nár thug siad faisnéis leordhóthanach maidir le feidhmíocht. Inár sampla de 24 bheart, bhí fadhbanna ag baint le 14 acu:

- i gcás beart amháin, níor bhain na torthaí a tuairiscíodh le bearta RRF agus leo sin amháin (*Bosca 7* –sampla ón bPortaingéil);
- tá sé chinn acu nach gclúdaítear le haon táscaire coiteann maidir leis an aistriú glas, agus fuaireamar nár thug sé ach clúdach teoranta ar an aistriú glas (féach mír 24);
- clúdaítear seacht gcinn acu le táscairí coiteanna nach dtugann faisnéis ábhartha maidir leis an dul chun cinn i dtreo cuspóirí an bhirt a bhaint amach (*Bosca 7* –samplaí ón gCróit agus ón tSlóvaic).

⁴⁷ SWD(2021) 12 cuid 1/2, Treoraíocht do na Ballstáit i dtaobh RRPanna, lch. 4.

Bosca 7



Sampla de bheart nach bhfuil a dtáscairí leordhóthanach chun a bhfeidhmíocht aeráide a áireamh

Sa **Phortaingéil**, tá beart lena n-áirítear múscailt feasachta agus gníomhaíochtaí coisctheacha a bhaineann le falscaí foraoise nasctha leis an táscaire coiteann maidir leis an daonra a thairbhíonn ón mbeart sin (táscaire coiteann 4 – **Fíor 9**). An toradh a bhfuiltear ag dréim leis ná go dtairbhíodh 30 % de dhaonra na Portaingéile ón mbeart oiriúnaithe maidir le falscaí foraoise. Measaimid nach dtugann an táscaire sin faisnéis chruinn maidir le tionchar an bhirt sin ar an aeráid ós rud é go dtéann sé lasmuigh de scóip an bhirt.

Sa **Chróit**, tá beart chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú – a bhaineann go príomha le seanlínte tarchuir a ionadú – ceangailte le táscaire amháin le haghaidh acmhainneacht shuiteáilte bhreise ó bhreoslaí in-athnuaite (táscaire coiteann 2 – **Fíor 9**). Cé go gcumasaíonn an beart acmhainneacht bhreise, ní bhaineann sé amach *í per se*. Mar sin, níl an táscaire ábhartha don bheart, agus ní rianaítear a fheidhmíocht maidir leis an aeráid.

Sa **tSlóvaic**, clúdaítear beart chun ospidéal a thógáil agus a atógáil le táscaire maidir le coigiltis in ídiú fuinnimh phríomhúil bliantúil (táscaire coiteann 1 – **Fíor 9**). Measaimid, áfach, nach bhféadfadh aon choigiltis fuinnimh teacht ó fhoirgnimh nua (**Fíor 8**). Tagann an t-aon táscaire eile don bheart sin óna sprioc, a bhaineann leis an líon leabaí. Níl leor é sin chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thionchar an bhirt ar an aeráid.

52 Níl táscairí coiteanna don aistriú glas ceaptha tionchair a rianú sa deireadh maidir le feidhmíocht beart aonair ó thaobh aeráide agus gníomhú ar son na haeráide de (mír **24**). Mura n-áirítear iad sna pleananna mar sprioc shonrach, ní thaifeadtar iad, ós rud é nach gclúdaítear iad leis na táscairí coiteanna (mír **35**). Ar an gcuma chéanna, ní thabharfaidh an táscaire coiteann maidir le hacmhainneacht bhreise a shuiteáiltear le haghaidh fuinneamh in-athnuaite faisnéis maidir le breoslaí iontaise a ionadú le breoslaí in-athnuaite chun fuinneamh a tháirgeadh. Mar sin féin, ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach an sciar coibhneasta den fhuinneamh a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise sa mheascán fuinnimh a laghdú, is tábhachtach freisin an t-ídiú fuinnimh ó bhreoslaí iontaise a laghdú i ndearbhthéarmaí⁴⁸. Mar thoradh a theoranta atá na táscairí coiteanna, tagaimid ar an gconclúid nach féidir iad a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá bearta RRF a bhaineann le haeráid ag rannchuidiú leis an ngníomhú ar son na haeráide.

⁴⁸ SEI, Anailísíocht Aeráide, E3G, IISD, agus UNEP, *An Bhearna Táirgíochta: Ag laghdú nó ag méadú de réir a chéile?*, 2023.

53 I Nollaig 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ina ndéantar iarracht meastachán a dhéanamh ar na laghduithe GCT féideartha mar thoradh ar fhothacar de bhearta RRF⁴⁹. Tagtar ar an gconclúid sa tuarascáil, leis na garspriocanna agus spriocanna a baineadh amach go dtí Lúnasa 2023 (153 as 1 729), gur baineadh amach 0.5 % den laghdú measta sin ar astaíochtaí GCT. Sa tuarascáil, míníonn an Coimisiún an sciar íseal sin ag céim luath i gcur chun feidhme RRF, chomh maith le garspriocanna agus spriocanna gan bheith san áireamh nach bhféadfaí a dtionchar ar laghdú astaíochtaí GCT a dhéanamh amach.

Níl aon tuairisciú ar an gcaiteachas iarbhír le haghaidh gníomhú ar son na haeráide

Ár gcritéir iniúchóireachta

54 Ba cheart go mbeadh tuairisciú ar rannchuidiú RRF le gníomhú ar son na haeráide intaofa agus bunaithe ar thoimhdí daingne. Chun go mbeadh sé ábhartha do gheallsealbhóirí, ba cheart go dtabharfadh sé léargas cruinn ar an gcaiteachas iarbhír ar ghníomhú ar son na haeráide agus an rannchuidiú le spriocanna aeráide an Aontais⁵⁰.

55 Scrúdaíomar conas a dhéanann an Coimisiún tuairisciú ar rannchuidiú aeráide RRF i dtreo na sprice 37 % agus ar na leithdháiltí náisiúnta RRP (mír **06**).

56 Rinneadh seiceáil ar an gceanglas chun 37 % de na leithdháiltí náisiúnta a chur i dtreo gníomhú ar son na haeráide i dtosach ag na céimeanna deartha agus formheasta na RRPanna (mír **09**). Ansin i dtuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht 2022 uaidh maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais, thuairiscigh an Coimisiún gur bhain RRF amach ranníocaíocht aeráide de €203 billiún, nó 40 %⁵¹. Bhí sé sin bunaithe ar na costais mheasta de réir mar a léirigh na Ballstáit ina RRPanna tosaigh agus ní ar an gcaiteachas iarbhír. Amhail i bhFeabhra 2024, méadaíodh an ranníocaíocht aeráide a bhí beartaithe, mar gheall ar athbhreithnithe sna RRPanna agus, de réir an Choimisiúin, is ionann é agus €275 billiún nó 42.5 % (**Fíor 5**).

⁴⁹ An Coimisiún Eorpach, [Tuarascáil NGEU ar thionchar bhannaí glasa](#), 2023, lch. 17.

⁵⁰ Bunaithe ar an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí, [Treoirlínte de Chleachtas Mholta: Treoirlíne 3 – Faisnéis maidir le Feidhmíocht Seirbhíse a Thuairisciú](#).

⁵¹ An Coimisiún Eorpach, [Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht 2022 – Imleabhar II](#), lch. 9.

57 Ní dhéanann an Coimisiún faireacháin ar an sciar iarbhír agus na suimeanna de ranníocaíochtaí na RRPanna leis an aeráid, ós rud é nach gceanglaítear ar an gCoimisiún le **Rialachán RRF** tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas aeráide iarbhír a rannchuidíonn leis an sprioc 37 %, ach ar chostais mheasta (mír **56**). Faoi chuimsiú a gcomhaontuithe maoinithe nó iasachta RRF leis an gCoimisiún, tá dualgas ar na Ballstáit an caiteachas carnach eisíoctha iomlán a dhearbhu lena rannchuidítear le cuspóirí aeráide⁵². De réir na gcomhaontuithe, ní chuirtear an fhaisnéis sin san áireamh le haghaidh íocaíochtaí RRF. Is é ár dtuairim go bhféadfadh an Coimisiún é a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas aeráide iarbhír. Ní hamhlaidh an cás, áfach.

58 D'fhéadfadh difríocht a bheith idir na costais iarbhír d'aon bheart RRF, gan beann ar a rannchuidiú aeráide, agus na costais mheasta nuair a formheasadh na RRPanna agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an sciar den ranníocaíocht aeráide. De réir mar a dhearbhaigh an Coimisiún, ba cheart íocaíochtaí a dhéanamh fiú má bhíonn na costais iarbhír is bun le beart níos ísle (nó níos airde) ná a measadh i dtosach (mír **47** agus **Bosca 6**), ar choinníoll go gcomhlíontar garspriocanna agus spriocanna. Gan beann ar na difríochtaí, comhairfear an tsuim iomlán a beartaíodh i dtosach mar chostas an bhirt i dtreo sprioc aeráide na RRPanna. Measaimid, mar sin, go bhfuil riosca ann nach léireoidh an fhaisnéis a thuiriscítear ranníocaíocht aeráide RRF, rud a mbíonn tionchar aige ar chuntasacht na sprice 37 %.

59 ina theannta sin, tá riosca ann go mbeidh tionchar ag cur chun feidhme moillithe na dtionscadal a bhaineann le haeráid agus ionsú mall ar bhaint amach na ranníocaíochta aeráide iomláine de €275 bhiliún (mír **56**). Tá moill ar thionscadail, mar shampla, mar gheall ar mhoilleanna i nósanna imeachta soláthair poiblí nó moilleanna maidir le húdaruithe oibríochta a fháil. Fuarthas inár gcuid oibre go ndearna na húdaráis náisiúnta ganmheastachán ar an am atá ag teastáil chun bearta a chur chun feidhme. Tá éileamh níos ísle ná a bhíodhas ag dréim leis ag baint le bearta eile, rud a mbíonn tionchar aige ar ionsú cistí (**Bosca 8**). Beidh an ranníocaíocht aeráide iarbhír ó RRPanna níos lú ná a ríomhadh i dtosach mura dtugtar na bearta gaolmhara chun críche, nó mura dtugtar i gcrích iad ina n-iomláine laistigh de spriocdhátaí RRF.

⁵² Airteagal 7 den Chomhaontú Maoinithe idir an Coimisiún agus na Ballstáit.

Bosca 8



Samplaí de bhearta a bhfuil dúshláin rompu a bhfhéadfadh tionchar a bheith acu ar thuairisciú maidir le haeráid



Gan spéis a bheith ag aon tairgeoirí sa bheart

Sa **tSlóvaic**, tá an soláthar poiblí chun ospidéal nua a thógáil a bhí beartaithe le tabhairt i gcrích i lár 2026 fós idir lámha. Níor mheall an tairiscint tosaigh aon tairgeoirí, ós rud é nár mhian le haon chonraitheoir glacadh leis na spriocdhátaí dochta, de réir mar a dhearbhaigh údarais na Slóvaice. De réir RRP na Slóvaice, tá sé sin ar cheann de na hinfheistíochtaí mhóra atá ag rannchuidiú leis an aistriú glas.



Moilleanna ar Chur Chun Feidhme

Ní mór do thionscadail chun hidrigin a tháirgeadh dul trí phróiseas fadálach chun údarú a fháil oibriú. Chuir moilleanna maidir le ceadúnais a fháil agus cuir isteach ar an slabhra soláthair moill ar chur chun feidhme. Sa **Phortaingéil**, tráth ár gcuarite (Iúil 2023), ní raibh réamhíocaíocht chun oibríochtaí a thosú faighte ach ag ceann amháin de na 23 thionscadal formheasta.



Leibhéal íseal spéise sa bheart

Sa **Ghréig**, ní raibh ach 171 iarratas faighte ag beart le haghaidh leictrea-shoghluaisteacht chun pointí luchtaithe a mhaoiniú faoi Eanáir 2024. Seasann sé sin do 2.7 % den sprioc dheiridh, rud a léiríonn leibhéal íseal spéise ó thaobh rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht ag faighteoirí deiridh de. Ar an gcuma chéanna, níl ach 6 % den líon tacsaithe a beartaíodh i dtosach á n-ionadú le feithiclí leictreacha. Chun déileáil leis an nglacadh íseal, mhéadaigh na húdarais náisiúnta an tacaíocht chun seanthacsaithe a ionadú agus chuir siad síneadh leis an spriocdháta le haghaidh iarratais ó thairbhíthe.

Níl aon nasc idir caiteachas agus tuairisciú maidir leis an aistriú glas

Ár gcritéir iniúchóireachta

60 Ba cheart go mbeadh tuairisciú ar an aistriú glas iontaofa agus bunaithe ar thoimhdí daingne. Ba cheart go nochtfar leis an bhfaisnéis a fhoilsítear an mhodheolaíocht a úsáideadh chun é a thiomsú⁵³.

⁵³ Bunaithe ar an mBord um Chaighdeán Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí, [Treoirlínte de Chleachtais Mholta: Treoirlíne 3 – Faisnéis maidir le Feidhmíocht Seirbhíse a Thuairisciú](#).

61 Rinneamar measúnú ar an modheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo cholún an aistrithe ghlais. Rinneamar measúnú freisin ar iontaofacht na faisnéise ar an aistriú glas a foilsíodh i [Scórchlár RRF](#).

62 Cuireann an Coimisiún modheolaíocht i bhfeidhm chun tuairisciú a dhéanamh ar an aistriú glas atá éagsúil ón modheolaíocht a úsáidtear chun an ranníocaíocht aeráide 37 % a ríomh. Don aistriú glas, tugtar an t-ualú céanna don cholún príomha nó thánaisteach atá sannta chuig gach beart: ní dhéanann an mhodheolaíocht difreáil de réir an bhfuil cuspóir na ranníocaíochta measta leis an aeráid agus an comhshaol suntasach (100 %) nó measartha (40 %). Nuair a shanntar beart chuig an aistriú glas faoi cholúin phríomha agus thánaisteacha, áirítear a gharspriocanna agus spriocanna i dtreo an aistrithe ghlais. Is é meastachán an Choimisiúin gur sheas na cásanna sin do thart ar 1.8 % de na fobhearta a áirítear sna 27 RRP tosaigh.

63 Éagsúlacht eile idir an dá mhodheolaíocht is ea go ndéantar an rannchuidiú leis an sprioc 37 % *ex ante*, agus ansin amháin (mír [56](#)). Ina ionad sin, tá an tuairisciú ar an aistriú glas ceaptha dul chun cinn a rianú, agus áirítear i reachtaíocht RRF oibleagáid chun caiteachas a thuairisciú de réir colúin⁵⁴ ([Fíor 3](#)) Measann an Coimisiún go ndéantar an fhoráil sin a chomhlíonadh trí thuairisciú a dhéanamh ar eisíocaíochtaí chuig Ballstáit bunaithe ar chomhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna (mír [03](#)) Dar linne, tá [Rialachán RRF](#) doiléir i dtaobh ar cheart don tuairisciú tagairt don chaiteachas iarbhír seachas don chaiteachas measta, agus is é an caiteachas measta amháin atá á thuairisciú ag an gCoimisiún⁵⁵.

64 Chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na heisíocaíochta de réir colúin, déanann an Coimisiún aonad luacha garsprioc nó sprioc a ríomh. Tagtar ar an bhfigiúr tríd an leithdháileadh iomlán RRF do Bhallstát a roinnt ar a líon iomlán garspriocanna agus spriocanna⁵⁶. Ní shanntar garspriocanna agus spriocanna go díreach do cholúin. Chun a dhéanamh amach cén cinn atá ábhartha don aistriú glas, seiceálann an Coimisiún colúin phríomha agus thánaisteacha na mbeart is bun leo (mír [05](#)). Meastar go bhfuil garspriocanna agus spriocanna ag rannchuidiú le colún an aistrithe ghlais má tá ar a laghad ceann amháin dá bhfobhearta bainteach leis.


⁵⁴ Airteagal 29(3) de [Rialachán RRF](#).

⁵⁵ [Tuarascáil speisialta 26/2023](#), mír VII.

⁵⁶ [Tuarascáil speisialta 26/2023](#), mír 78.

65 Tugtar faisnéis i **Scórchlár RRF** (mír **05**) maidir le heisiócaíochtaí an Choimisiúin de réir colúin agus de réir na ngarspriocanna agus spriocanna a bhaintear amach. Amhail i bhFeabhra 2024, bhí €103 bhilliún de dheontais agus €54 bhilliún d'iasachtaí faighte ag na Ballstáit agus (anuas ar an 13 % réamh-mhaoiniú le haghaidh tuairim in €68 mbilliún). Is ionann na heisiócaíochtaí atá ceangailte le colún an aistrithe ghlais agus 17 % (€27.2 billiún) de na heisiócaíochtaí go léir go dtí seo (**Fíor 13**). Á chur san áireamh gur cheart go rannchuideodh bearta atá ábhartha don aeráid 42.5 % den tsuim leithdháilte ó RRF ina n-aonar (mír **09**), agus gur cheart go n-áireofaí 34 bheart comhshaoil bhreise san aistriú glas nach n-áirítear sa chleachtas rianaithe aeráide, tá an méid sin fós sách íseal.

Fíor 13 – Eisiócaíochtaí de réir colúin, de réir mar a thaispeántar i scórchlár RRF (i mbilliún euro)



Foinse: Scórchlár RRF, sonraí amhail i bhFeabhra 2024.

66 Leis an gcur chuige a úsáidtear don tuairisciú, féadtar gannmheastachán nó rómheastachán a dhéanamh ar na méideanna a thuairiscítear a bheith eisíoctha don aistriú glas, ós rud é nach léiríonn aonad luacha garsprice nó sprice costais iarbhír ná mheasta na mbeart. Mar shampla, tá spriocanna a bhaineann le limistéar athchóirithe ag gabháil le beart maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh sa Phortaingéil. Á úsáid an t-aonad luacha, áireofar 45 000 m² a athchóirithe san aistriú glas ar an gcaoi chéanna le 315 000 m² a athchóiriú.

67 Inár dtuarascáil roimhe seo maidir le creat faireacháin feidhmíochta RRF, measadh gur chuir an easpa sonraí maidir leis an gcaiteachas iarbhír teorainn leis an measúnú ar úsáid éifeachtúil acmhainní RRF agus ar fheidhmíocht RRF ar leibhéal a gcolún. Mar sin, moltar don Choimisiún⁵⁷ tuairisciú a dhéanamh ar an gcaiteachas iarbhír, rud a dhiúltaigh an Coimisiún.

68 Déantar difear breise don aistriú glas mar gheall ar an bhfíoras go bhfuil formhór na ngarspriocanna agus na spriocanna ceangailte leis na chéad chéimeanna den chur chun feidhme (amhail formheas glao ar thionscadal). Ciallaíonn sé sin nach gá go mbeadh na híocaíochtaí luatha leis na Ballstáit ceangailte le tionscadail iarbhír má tá a ngarspriocanna agus spriocanna ceangailte le hathchóirithe nó céimeanna ullmhúcháin chun beart a sheoladh, mar shampla. I gcás na dtionscadal sin nach bhfuil tugtha chun críche, nó bearta nach n-éiríonn leo a ngarsprioc nó sprioc dheireanach a chomhlíonadh, ní féidir leis an gCoimisiún cistí atá eisíoctha cheana a aisghabháil, ós rud é nach ndéantar foráil dó sin i [Rialachán RRF](#). Ós rud é go léiríonn an Scórchlár na suimeanna a eisíocadh leis na Ballstáit, ní dhéanfadh an Coimisiún an méid a tuairiscíodh sna cásanna sin a leasú.

69 Ar an iomlán, fuaireamar go bhfuil an tuairisciú ar an aistriú glas a chuirtear i láthair i [Scórchlár RRF](#) mearbhlach. Ní chuirtear méideanna measta ná costais iarbhír bhearta an aistrithe ghlais san áireamh, ós rud é go bhfuil an tuairisciú bunaithe ar luachanna aonaid (mír [66](#)). Mar sin, ní chuireann [Scórchlár RRF](#) faisnéis iomlán agus iontaoifa ar fáil d'úsáideoirí maidir leis na méideanna iarbhír a caitheadh ar an aistriú glas.


⁵⁷ Tuarascáil speisialta 26/2023, mír 87 agus moladh 4b.

Conclúidí agus moltaí

70 Ceann de na spriocanna atá leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná rannchuidiú leis an aistriú glas agus le spriocanna aeráide an Aontais. Go háirithe, ní mór do na Ballstáit 37 % ar a laghad de na cistí beartaithe a thiomnú do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid (míreanna **01-09**).

71 Ba é cuspóir ár n-iniúchadh measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil dearadh agus cur chun feidhme na Saoráide agus na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ag rannchuidiú leis an aistriú glas ar bhealach éifeachtach. Thug an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta dreasacht chun infheistíocht a dhéanamh i ngníomhú ar son na haeráide agus san aistriú glas. Mar sin féin, fuair eamar laigí i ndearadh na Saoráide agus dheimhníomar iad nuair a bhí measúnú á dhéanamh againn ar a cur chun feidhme. Tagaimid ar an gconclúid go dtarraingíonn na laigí a bhfuil achoimre orthu i **bhFíor 14** agus na sonraí thíos amhras ar bhaint amach a gcuspóirí don aistriú glas.

Fíor 14 – Laigí i ndearadh agus i gcur chun feidhme na Saoráide maidir leis an aistriú glas



Foinse: CIE.

72 Cé go ndéantar gníomhú ar son na haeráide a rianú agus go n-áirítear é sa sprioc 37%, léiríonn ár n-anailís go bhfuil scóip níos cúinge ná an t-aistriú glas, lena gclúdaítear cuspóirí bithéagsúlachta agus comhshaoil mar aon le cuspóirí aeráide. Tá an mhodheolaíocht a úsáidtear chun gníomhú ar son na haeráide a rianú bunaithe ar thrí chomhéifeacht (0%, 40%, agus 100%) atá ceangailte le rannchuidiú ionchasach na mbeart le cuspóirí aeráide, de réir mar a bheartaítear i [Rialachán RRF](#). Is minic a chuirtear comhéifeachtaí aeráide i bhfeidhm maidir le bearta a chlúdaíonn réimse leathan de ghníomhaíochtaí, nach bhfuil siad ar fad nasctha leis an aeráid, agus na costais is bun leo. Chun meastachán níos fearr a dhéanamh ar an rannchuidiú aeráide, thug an Coimisiún isteach coincheap na bhfobheart. I gcleachtas, ní dhearnadh rannchuidiú aeráide ó na bearta a mhionchoigeartú, rud a fhágann go bhfuil leibhéal ard neastacháin ann agus rómheastacháin féideartha ann, go háirithe le haghaidh bearta casta le gnéithe ar chreat go mbeadh rannchuidithe aeráide éagsúla ag baint leo (míreanna [15-22](#)).

73 Léiríonn ár gcuid oibre nach léiríonn cuid de na comhéifeachtaí atá socraithe i [Rialachán RRF](#) (iarnróid, eangacha leictreachais agus foirgnimh nua) an rannchuidiú le spriocanna aeráide an Aontais a rabhtas ag súil leis, mar shampla gan astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i gcéim tógála na hinfheistíochta a chur san áireamh, rud a fhágann go mbíonn rannchuidiú aeráide iarbhír níos ísle ann. Agus comhéifeachtaí aeráide níos coimeádaí á úsáid do na trí catagóirí sin ná a bhí leagtha síos sa Rialachán, ríomhamar go raibh rómheastacháin dhóchúla de €34.5 billiún ar rannchuidiú aeráide RRF. Ina theannta sin, leis an gcreat feidhmíochta, ní féidir tionchar na mbeart go léir a thacaíonn leis an aistriú glas a rianú agus ní chlúdaíonn sé gnéithe lárnacha, amhail na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nó an rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil (míreanna [23-24](#)).

Moladh 1 – Meastachán níos fearr a dhéanamh ar chaiteachas aeráide faoi ionstraimí amach anseo

Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbíonn bearta, idirghabhálacha nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid miondealaithe go dtí leibhéal lenar féidir iad a nascadh leis an rannchuidiú aeráide cuí agus inchosanta, rud a d'fhágfadh go mbeadh measúnú níos mionsonraithe agus níos cruinne ar chaiteachas aeráide.

Spriocdháta don chur chun feidhme: nuair atá aon ionstraimí á moladh a mbíonn rianú aeráide ag teastáil dóibh

Moladh 2 – Dearadh leormhaith a áirithiú ar ionstraimí cistiúcháin amach anseo chun tacú leis na cuspóirí agus spriocanna aeráide agus comhshaoil;

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfeadh ionstraimí cistiúcháin a oibríonn i dtreo cuspóirí agus spriocanna aeráide an Aontais faisnéis ar fáil maidir lena rannchuidiú iarbhír leis na cuspóirí agus spriocanna sin a bhaint amach;
- (b) ina chreat le haghaidh faireachán feidhmíochta agus meastóireacht, na hinfheistíochtaí sin atá ábhartha do chuspóirí aeráide agus comhshaoil a chlúdach.

Spriocdháta don chur chun feidhme: nuair atá aon ionstraimí á moladh a bhfuil cuspóirí aeráide agus comhshaoil leo

74 Fuaireamar go ndearna amchlár teoranta na Saoráide difear do bhearta a thacaíonn leis an aistriú glas a áireamh sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta, agus bhí a mhéid a rannchuidíonn pleananna náisiúnta le gníomhú ar son na haeráide doiléir. Sannadh roinnt beart do réimsí idirghabhála nár léirigh a nádúr, rud a raibh rannchuidithe aeráide níos airde mar thoradh air, nó nach raibh ábhartha don aeráid, amhail fobhearta le haghaidh costais riaracháin. Fuaireamar nach raibh roinnt infheistíochtaí a bhí nasctha leis an aeráid ceangailte go leordhóthanach le garspriocanna nó spriocanna atá ábhartha don aeráid nó a bhfuil tionchar acu (míreanna [25-35](#)).

75 Fuaireamar neamhréireachtaí freisin i gcur i bhfeidhm an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, ós rud – nuair a bhí cuir chuige shimplithe á gcur i bhfeidhm acu – níor ceanglaíodh ar na Ballstáit i gcónaí measúnú críochnúil a dhéanamh ar an ngá atá le bearta maolaithe a bhaineann lena n-infheistíochtaí. Shainaithníomar cásanna inar mhaoinigh Ballstáit tionscadail nach raibh ag teacht le cur síos an bhirt, rud a raibh tionchar aige ar éifeachtacht agus ar leibhéal an rannchuidithe aeráide (míreanna [36-47](#)).

Moladh 3 – Feidhmíocht bheart an aistrithe ghlais a bharrfheabhsú

Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (a) bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí i gcur i bhfeidhm an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ ag na Ballstáit nuair a úsáideann siad an cur chuige simplithe.

Spriocdháta don chur chun feidhme: Meitheamh 2025

- (b) má dhéantar athbhreithniú ar bhearta atá nasctha leis an aistriú glas, a áirithiú rianaítear leis na garspriocanna agus spriocanna dul chun cinn na mbeart suas go dtí an tabhairt i gcrích chun go bhféadfaí measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil a gcuspóirí aeráide agus comhshaoil bainte amach ag na bearta.

Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2025

76 Níl a dhóthain faisnéise ag an gCoimisiún chun meastachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na mbeart atá ag rannchuidiú leis an aistriú glas, mar gheall go bhfuil an creat faireacháin teoranta. Déanann an Coimisiún tuairisciú ar mhéideanna leithdháilte a bhaineann le haeráid *ex ante*, agus ag an bpointe sin amháin. Mar sin, ní chuirtear san áireamh san fhaisnéis a léirítear an leibhéal caiteachais iarbhír, a bhfuil tionchar ag go leor tosca air, amhail moilleanna agus ionsú mall. D'fhéadfadh rómheastachán nó gannmheastachán ar an rannchuidiú aeráide a bheith ann mar thoradh ar na tosca sin. Ag an am céanna, déanann na Ballstáit tuairisciú ar an gcaiteachas aeráide a eisíoctar, ach ní úsáideann an Coimisiún an fhaisnéis sin mar thuairisciú i dtreo na sprice cainníochtúla 37 %. Mar sin, ní féidir leis an gCoimisiún cuntasacht iomlán maidir leis a áirithiú (míreanna [48-59](#)).

77 Leis an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, rianaítear na híocaíochtaí a dhéanann an Coimisiún leis na Ballstáit. Tar éis prionsabail RRF, níl na híocaíochtaí sin ceangailte leis na costais is bun le beart agus, mar thoradh air sin, ní léiríonn siad leibhéal iarbhír an chaiteachais a bhaineann leis an aeráid. Ina theannta sin, ní i gcónaí a léiríonn garspriocanna agus spriocanna a bheith bainte amach uailmhian an bhirt chomhfhreagraigh rannchuidiú leis an aistriú glas. Fágann sé sin go bhfuil an tuairisciú ar an aistriú glas neamhiontaofa maidir le caiteachas iarbhír a thuairisciú (míreanna [60-69](#)).

Moladh 4 – Tuairisciú ar chaiteachas aeráide faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a fheabhsú

Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis atá tugtha ag na Ballstáit cheana maidir le costais iarbhír bearta atá ábhartha don aeráid a thiomsú agus a fhoilsiú, iad a chur i gcomparáid leis na costais measta sna pleananna náisiúnta, agus an rannchuidiú aeráide iarbhír i dtreo na sprice 37 % a athríomh.

Spriocdháta don chur chun feidhme: Nollaig 2026

Nóta: I dtuarascáil speisialta 26/2023 uainn, níor ghlac an Coimisiún lenár moladh gur cheart dó tuairisciú a dhéanamh ar an gcaiteachas iarbhír a chistítear le RRF faoi na sé cholún, mar bhunús chun measúnú a dhéanamh ar úsáid éifeachtúil acmhainní.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an tuarascáil seo ag an gcruinniú a bhí aici i Lucsamburg an 04 Iúil 2024.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

Iarscríbhinn – Ár rogha bearta

Réimse ábhartha/ Ballstát	An Ghréig	An Chróit	An Phortaingéil	An tSlóvaic
An earnáil breoslaí in-athnuaite agus fuinnimh	EL-C[1,1]-I[16926] Tacaíocht ó shuiteáil córas stórála chun treá fuinnimh in-athnuaite a bharrfheabhsú	HR-C[C12]-I[R1-I1] Athbheochan, tógáil agus digiteáil don chóras fuinnimh agus don bhonneagar tacaíochta chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú	PT-C[C14]-I[i01] Hidrigin in-athnuaite agus gásanna eile	SK-C[C1]-I[I2] Na foinsí leictreachais in-athnuaite atá anois ann a nuachóiriú (athchumhachtú)
Éifeachtacht fuinnimh	EL-C[1,2]-I[16872] Caomhnú fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe	HR-C[C61]-I[R1-I1] Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh	PT-C[C13]-I[i01] Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe	SK-C[C2]-I[I1] Éifeachtúlacht fuinnimh i dtithe teaghlaigh
Soghluaisteacht inbhuanaithe	EL-C[1,3]-I[16924] Leictrea-shoghluaisteacht – pointí luchtaithe, busanna leictreacha, tacsaithe leictreacha	HR-C[C14]-I[R5-I2] Taighde, forbairt agus táirgeacht d'fheithiclí soghluaisteachta nua agus an bonneagar tacaíochta	PT-C[C15]-I[i01] Leathnú an líonra meitreo	SK-C[C3]-I[I1] Bonneagar iompair ísealcharbóin a fhorbairt
Tionscal a dhícharbónú	EL-C[4,7]-I[16980] Saoráid lasachtaí RRF	HR-C[C111]-I[R4-I2] Ionstraim airgeadais le haghaidh micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide	PT-C[C11]-I[i01] Tionscal a dhícharbónú	SK-C[C4]-I[I1] Feidhmiú na scéime dícharbónaithe tionscail
Úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha	EL-C[1,4]-I[16849] Plean Náisiúnta Athfhoraoisithe agus infheistíocht shuaitheanta Parnitha	HR-C[C15]-I[R1-I1] Ionaid lóistíochta agus dháilte le haghaidh torthaí agus glasraí a thógáil agus fheistiú	PT-C[C08]-I[i05] Clár Foraoise	SK-C[C5]-I[I1] Réigiúin a oiriúnú don athrú aeráide

Réimse ábhartha/ Ballstát	An Ghréig	An Chróit	An Phortaingéil	An tSlóvaic
Earnálacha eile	EL-C[4,6]-I[16634] Páirceanna tionsclaíocha nua	HR-C[C13]-I[R1-I2] Clár forbartha soláthar uisce poiblí	PT-C[C12]-I[i01] Bithgheilleagar	SK-C[C11]-I[I2] Clár ospidéal nua – tógáil, atógáil agus trealamh

Giorrúcháin

DNSH: Gan dochar suntasach a dhéanamh

GCT: Gás ceaptha teasa

MW: Meigeavata

NGEU: NextGenerationEU

RRF: An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

RRP: Plean téarnaimh agus athléimneachta

Gluais

An scórchlár téarnaimh agus athléimneachta: Suíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin a léiríonn an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát.

An tSaoráid Téarnaimh & Athléimneachta: Sásra tacaíochta airgeadais an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus téarnamh a spreagadh, chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le todhchaí níos glaise agus níos digití.

Athchóiriú: I gcomhthéacs RRF, athrú a bhfuil feabhas suntasach, marthanach maidir le feidhmiú an mhargaidh, beartais, nó struchtúr institiúideach nó riaracháin, dul chun cinn suntasach i dtreo cuspóirí beartais amhail fás agus poist, athléimneacht agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach mar thoradh air.

Colún: Téarma a úsáidtear le haghaidh gach ceann de na sé réimse beartais, a bhfuil RRF comhdhéanta díobh: (i) an t-aistriú glas; (ii) an claochlú digiteach; (iii) comhtháthú eacnamaíoch, táirgiúlacht agus iomaíochas; (iv) comhtháthú sóisialta agus críochach; (v) athléimneacht sláinte, eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach; (vi) beartais don chéad ghlúin eile.

Comhéifeacht aeráide: Ualú atá sannta chuig caiteachas ón Aontas ar thionscadail, bearta nó gníomhaíochtaí lena léiriú a mhéid atá cúinsí aeráide curtha san áireamh iontu.

Faireachán: Dul chun cinn i dtreo cuspóir a bhaint amach a bhreathnú agus a sheiceáil go córasach, trí tháscairí go páirteach.

Feidhmíocht: Tomhas ar cé chomh maith atá na cuspóirí comhlíonta ag gníomhaíocht, tionscadal nó clár atá maoinithe ag an Aontas agus cé chomh maith atá luach ar airgead curtha ar fáil.

Gan dochar suntasach a dhéanamh: An prionsabal a deir nár cheart go mbeadh aon mhóρθionchar díobhálach comhshaoil ag bearta infheistíochta.

Garsprioc: Tomhas cáilíochtúil ar dhul chun cinn Ballstáit i dtreo athchóiriú nó infheistíocht ina phlean téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche.

Gníomhú ar son na haeráide: Gníomhaíocht chun dul i ngleic leis an athrú aeráide agus le tionchar an athraithe aeráide.

Infheistíocht: Caiteachas ar ghníomhaíocht, tionscadal nó gníomhaíocht eile laistigh de scóip Rialachán RRF a bhfuiltear ag súil go mbeidh torthaí tairbhiúla ag baint leis don tsochaí, don gheilleagar nó don chomhshaol.

Ionsú: A mhéid a bhfuil cistiú RRF faighte ag Ballstát ón gCoimisiún bunaithe ar chomhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna.

Maolú aeráide: Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú nó a theorannú mar gheall ar an éifeacht atá acu ar an aeráid.

NextGenerationEU: Pacáiste cistithe chun cabhrú le Ballstáit an Aontais téarnamh ón tionchar eacnamaíoch agus sóisialta atá ag paindéim COVID-19.

Oiriúnú don aeráid: Leochaileacht tíortha agus pobail i leith an athraithe aeráide a laghdú trí chur lena gcumas déileáil lena thionchair.

Plean téarnaimh agus athléimneachta: Doiciméad ina leagtar amach na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag Ballstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Ranníocaíocht aeráide: Meastachán ar chaiteachas RRF ballstát ar ghníomhaíocht aeráide.

Réimse idirghabhála: Catagóir gníomhaíochtaí a fhaigheann maoiniú ó RRF, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe nó Ciste Sóisialta na hEorpa.

REPowerEU: Tionscnamh AE chun deireadh a chur le spleáchas ar bhreoslaí iontaise, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan.

Rianú aeráide: Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ionsar na spriocanna maidir le caiteachas ar an athrú aeráide.

Sprioc: Tomhas cainníochtúil ar dhul chun cinn Ballstáit i dtreo athchóiriú sonrath nó infheistíocht ina phlean téarnaimh agus athléimneachta a thabhairt chun críche.

Táscaire coiteann: Athraitheach intomhaiste a thugann faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i dtreo cuspóirí coiteanna agus i dtreo fheidhmíocht fhoriomlán RRF.

Freagraí ón gCoimisiún

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-14>

Tráthchlár

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-14>

An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta I – Úsáid Inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, atá faoi cheannas Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Joëlle Elvinger (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Ildikó Preiss (Ceann na hOifige Príobháidí), Paolo Pesce (Ataisé na hOifige Príobháidí), Ramona Bortnowschi (Príomhbhainisteoir), Antonella Stasia (Ceann Cúraim), Monika Dedicova agus Zvonimir Novoselić (Iniúchóirí). Thug Laura Mcmillan, Jerónimo Montenegro, Marin Pažanin, Jennifer Schofield, Hana Vendlekova agus Aikaterini Vraila tacaíocht teanga.



Ó chlé go deas: Ildikó Preiss, Zvonimir Novoselić, Joëlle Elvinger, Jerónimo Montenegro, Antonella Stasia, Paolo Pesce, Ramona Bortnowschi, Monika Dedicova, Asimina Petri, Marika Meisenzahl, Aikaterini Vraila agus Marin Pažanin.

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi [cheadúnas Creative Commons – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta \(CC BY 4.0\)](#). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Fíoracha 2, 3, 8, 9, 10, 14; boscaí 2, 3, 5, 6, 7, 8; tábla 1 – Deilbhíní: Dearadh na fíoracha seo trí acmhainní a úsáid ó [Flaticon.com](#). © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint. Fíor 2 – Deilbhíní: An Coimisiún Eorpach. Fíor 13 – © An tAontas Eorpach.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoiné tionsclaíche, amhail paitinní, trádmarcanna, dearáí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-2532-2	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/434955	QJ-AB-24-014-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-2617-6	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/209914	QJ-AB-24-014-GA-N

Thug an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta dreasacht chun infheistíocht a dhéanamh san aistriú glas. Bheartaigh siad tuairim is €275 bhilliún a chaitheamh ar ghníomhú ar son na haeráide mar chuid de cholún an aistrithe ghlais. Léirigh ár n-anailís easnaimh, áfach, i ndearadh na Saoráide agus i gcur chun feidhme bhearta an aistrithe ghlais. D'fhág sé sin go raibh rómheastacháin féideartha ar na suimeanna a leithdháileadh ar ghníomhú ar son na haeráide, go raibh neamhréireachtaí idir phleanáil agus cleachtadh, agus gur beag léiriú a bhí ann ar rannchuidiú iarbhír an bhirt leis an aistriú ghlas. Níl aon cheanglas sa reachtaíocht chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na Saoráide le cuspóirí aeráide an Aontais, ná níl aon tuairisc ar an gcaiteachas iarbhír, rud a chuireann teorann leis an ábharthacht do gheallsealbhoirí. Déanaimid roinnt moltaí chun dearadh agus éifeachtacht chistiú AE don aistriú glas a fheabhsú.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fómhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors